AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.9.2024
COM(2024) 405 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme in 2021-2022 Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus Threoir 2002/15/CE maidir le heagrú ama oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar

(An 32ú tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta sóisialta a bhaineann le hiompar de bhóthar)

{SWD(2024) 215 final}

Réamhrá

Leis an tuarascáil seo tugtar forléargas ar chur chun feidhme rialacha sóisialta an Aontais maidir le hiompar de bhóthar sna Ballstáit le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022. Tugtar achoimre inti ar anailísí ar ghníomhaíochtaí rialaithe agus leagtar béim inti ar na príomhdhúshláin a bhaineann le forfheidhmiú agus cur i bhfeidhm na bhforálacha dlíthiúla ábhartha a leagtar amach sna ceithre ghníomh reachtacha seo a leanas:

1) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006[1] (ar a dtugtar an **Rialachán maidir le hAm Tiomána** freisin) lena mbunaítear na híoscheanglais maidir le hamanna tiomána laethúla agus seachtainiúla, sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla;

2) Treoir 2002/15/CE[2] (ar a dtugtar freisin an Treoir maidir **le hAm Oibre Iompair de Bhóthar**) lena leagtar síos na rialacha maidir le heagrú ama oibre oibrithe taistil. Leagtar síos inti na ceanglais maidir le hamanna oibre seachtainiúla uasta, íos-sosanna san obair agus san obair oíche. Tá feidhm aici maidir le tiománaithe faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le hAm Oibre;

3) Treoir 2006/22/CE[3] (ar a dtugtar freisin an **Treoir maidir le Forfheidhmiú)** lena mbunaítear íosleibhéil seiceálacha agus rialuithe cois bóthair ag áitreabh gnóthas iompair chun comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin maidir le hAm Tiomána a fhíorú;

4) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014[4] (ar a dtugtar an **Rialachán Tacagraif** freisin) lena leagtar síos na ceanglais maidir le suiteáil agus úsáid tacagraf i bhfeithiclí laistigh de raon feidhme an Rialacháin maidir le hAm Tiomána.

Murab ionann agus an tuarascáil roimhe seo, ní áirítear sa tuarascáil seo an anailís ar chur chun feidhme Threoir 96/53/CE[5] ón gComhairle (ar a dtugtar **an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí** freisin) lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí tromshaothair, mar gheall ar an

[1]Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

[2]Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).

[3] Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 agus Threoir 2002/15/CE maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 35.

[4]Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

[5]Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

easpa faisnéise riachtanaí, toisc nár chomhlíon ach cúig Bhallstát[6] an oibleagáid dhlíthiúil a dtuarascálacha náisiúnta a chur isteach.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar Airteagal 17 den Rialachán maidir le hAm Tiomána agus ar Airteagal 13 den Treoir maidir le hAm Oibre Iompair de Bhóthar[7].

Tá sé leagtha amach i dtrí chuid: Le Roinn I soláthraítear an anailís ar na sonraí náisiúnta maidir le seiceálacha agus cionta i gcur chun feidhme Threoir 2006/22/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, cé go dtugtar le Roinn II imlíne thuairisciúil ar an gcur chun feidhme ar Threoir 2002/15/CE arna dhéanamh ag na Ballstáit. Le Roinn III tarraingítear ar phríomhchonclúidí na tuarascála seo. Comhlánaíonn Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin tuarascáil an Choimisiúin le faisnéis fhorlíontach maidir le pionóis, comhar idir na Ballstáit, barúlacha ó údaráis forfheidhmiúcháin, agus staidreamh níos mionsonraithe maidir le seiceálacha.

Sonraí a thíolacadh

Ní mór na tuarascálacha náisiúnta maidir le cur chun feidhme fhorálacha Threoir 2002/15/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair an bhliain tar éis dheireadh na tréimhse 2 bhliain lena mbaineann, trí bhíthin na foirme tuairiscithe caighdeánaí arna bunú leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 30 Márta 2017[8]. An sprioc-am chun tuarascálacha lena gcumhdaítear na blianta 2021-2022 a chur isteach, chuaigh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2023.

Tá a sonraí náisiúnta maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 curtha isteach ag na Ballstáit uile, cé gur chuir roinnt mhaith díobh isteach iad tar éis an sprioc-ama[9]. Sholáthair na Ballstáit an miondealú iarrtha ar staitisticí mionsonraithe maidir le rialuithe comhlíontachta arna ndéanamh cois bóthair agus ag an áitreabh. Mar sin féin, níor sholáthair roinnt díobh sonraí arna sórtáil de réir na gcatagóirí iarrtha, e.g. sonraí arna sórtáil de réir an chineáil tacagraif[10] agus chineál na gcionta[11].

Níor chuir ach 21 Bhallstát an fhaisnéis isteach maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/15/CE, agus as an bhfaisnéis sin níor sholáthair ach 11 Bhallstát sonraí staidrimh

[6]Is iad an Ostair, an Ísiltír, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn amháin atá tar éis faisnéis a sholáthar de bhun Airteagal 10g de Threoir 96/53/CE ón gComhairle le haghaidh na tréimhse 2021-2022.

[7] Le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ceanglaítear ar na Ballstáit an fhaisnéis is gá a chur in iúl gach dhá bhliain chun a chur ar chumas an Choimisiúin tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus maidir leis na forbairtí sna réimsí atá i gceist. Le hAirteagal 13 de Threoir 2002/15/CE foráiltear gur cheart do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na Treorach, agus tuairimí an dá thaobh den tionscal á léiriú. Na tuarascálacha maidir le Treoir 2002/15/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, is féidir iad a chur i láthair i ndoiciméad aonair amháin ós rud é go gcumhdaítear leis an dá ghníomh reachtacha an tréimhse tuairiscithe dhá bhliain chéanna agus go mbunaítear rialacha comhlántacha leo le haghaidh tiománaithe gairmiúla.

[8]C(2017) 1927 final.

[9]Cuireadh an tuarascáil náisiúnta dheireanach isteach an 30 Bealtaine 2024.

[10]Is amhlaidh atá i gcás na Liotuáine a chuir in iúl nach raibh sonraí maidir le tacagraif analógacha agus chliste ar fáil mar gheall ar earráid theicniúil.

[11]Mar a tharla sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo, níor sholáthair an Laitvia an catagóiriú sin le haghaidh cionta ag áitribh.

maidir le rialuithe agus a dtorthaí, atá éagsúil maidir le leibhéal na mionsonraí[12]. Fágann an easpa sonraí cainníochtúla agus inchomparáide sin ó na Ballstáit gur deacair measúnú a dhéanamh.

I. Forléargas ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin maidir le Treoir 2006/22/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 561/2006

1. Seiceálacha


Le hAirteagal 2 de Threoir 2006/22/CE ceanglaítear ar na Ballstáit córas de sheiceálacha iomchuí agus tráthrialta a eagrú cois bóthair agus ag áitreabh gnóthas atá faoi réir fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Leis an Airteagal sin bunaítear freisin go gcumhdófar leis an íoslíon seiceálacha 3 % ar a laghad de na laethanta arna n-oibriú ag tiománaithe[13] feithiclí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006.

Léiríonn na sonraí náisiúnta gur tháinig méadú ar líon iomlán na laethanta oibre[14] a seiceáladh san Aontas ó thart ar 108,9 milliún in 2019-2020 go 111,7 milliún lá oibre a seiceáladh sa tréimhse thuairiscithe reatha. Is ionann sin agus méadú 3 %. Ag féachaint ar na figiúirí náisiúnta, is i Málta (+450 %[15]) agus san Ísiltír (+185 %) is tábhachtaí an méadú ar na laethanta oibre a seiceáladh, agus is sa tSlóivéin (-48 %), sa Fhrainc (-45 %) agus san Ungáir (-39 %) is mó atá an laghdú ar na laethanta oibre a seiceáladh le feiceáil.

Mar a léirítear i bhFíor 1 thíos, **is é 4,7 % meán na laethanta oibre san Aontas a seiceáladh, rud atá níos airde ná mar a cheanglaítear faoin Treoir[16], ach a bhfuil treocht laghdaitheach ag baint leis i gcomparáid le tréimhsí tuairiscithe roimhe sin (5,4 % in 2017-2018 agus 6,3 % in 2015-2016), seachas 4,5 % in 2019-2020.** Mar sin féin, tá an scór a bhain an Rómáin amach (21,3 %) ard.

Fíor 1: Céatadán na laethanta oibre a seiceáladh in aghaidh an Bhallstáit

[12]Chuir Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Ghréig, an Pholainn agus an tSlóivéin na staitisticí is mionsonraithe ar fáil.
[13] Tá an figiúr sin bunaithe ar an líon laethanta oibre le haghaidh dhá bhliain agus ar an líon feithiclí cláraithe faoi raon feidhme an Rialacháin le linn na tréimhse sin le haghaidh gach Ballstáit.
[14]Úsáidtear an téarma 'laethanta oibre' go hidirmhalartach leis an téarma 'laethanta a oibríodh' ag tiománaí sa reachtaíocht ábhartha: Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, Treoir 2006/22/CE agus Cinneadh (AE) 2017/1013.
[15]Mar sin féin, níor chomhlíon Málta an tairseach de 3 % de na laethanta oibre a seiceáladh go fóill.
[16]Go háirithe san Ostair, sa Bhulgáir, sa Ghearmáin, sa Phortaingéil agus sa Rómáin.



Sheiceáil formhór na mBallstát níos mó laethanta oibre ná an t-íosmhéid a cheanglaítear leis an Treoir. Mar sin féin, níor bhain sé Bhallstát an tairseach 3 % amach, is iad sin an Chipir, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, Málta agus an tSlóivéin. Tá sé sin cosúil leis an dá thréimhse tuairiscithe roimhe seo (inarb amhlaidh nár chomhlíon sé Bhallstát an tairseach 3 % sna blianta 2019-2020 agus 2017-2018, agus trí Bhallstát in 2015-2016). I measc na sé Bhallstát nár chomhlíon an tairseach 3 % in 2021-2022, níor fhan ach an Ungáir, Éire agus Málta sa ghrúpa sin, in éineacht leis na trí Bhallstát eile, a d'fheidhmigh go maith sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin. Mhéadaigh an Ghréig a hiarrachtaí forfheidhmiúcháin go suntasach (feabhas ó 0,1 % in 2015-2016, 0,7 % in 2017-2018, 2,4 % in 2019-2020 go 3,2 % sa tréimhse reatha), agus den chéad uair ó 10 mbliana i leith, d'fheidhmigh sí os cionn na tairsí.


Le hAirteagal 2 de Threoir 2006/22/CE leagtar amach freisin cóimheas na laethanta oibre atá le seiceáil cois bóthair agus ag an áitreabh, is é sin 30 % ar a laghad agus 50 % ar a laghad faoi seach. Tá ríomh an chion sin bunaithe ar an líon seiceálacha a rinne na húdaráis forfheidhmithe iarbhír seachas ar an íoslíon laethanta oibre atá le seiceáil.

Ar an meán, rinneadh 53 % de na laethanta oibre a seiceáladh cois bóthair agus seiceáladh 47 % trí chigireachtaí ag an áitreabh. Is laghdú i seiceálacha cois bóthair é sin i gcomparáid leis an tréimhse dheireanach (60 % in 2019-2020) agus méadú dearfach ar sheiceálacha ag an áitreabh i gcomparáid leis an tréimhse dheireanach (40 % in 2019-2020). I bhformhór na mBallstát rinneadh sciar mór de na seiceálacha cois bóthair. Thuairiscigh Éire agus an tSlóivéin líon íseal seiceálacha cois bóthair. Comhlíonann ocht mBallstát an sciar

cothrom is gá idir seiceálacha ar áitribh agus seiceálacha cois bóthair i gcomparáid le sé Bhallstát in 2019-2020[17].

Le haghaidh mionsonraí maidir leis an sciar náisiúnta de sheiceálacha cois bóthair agus seiceálacha áitribh féach Fíor 2.

Fíor 2: An sciar de sheiceálacha cois bóthair agus seiceálacha áitribh bunaithe ar na laethanta oibre a seiceáladh in aghaidh an Bhallstáit



1.1 Seiceálacha cois bóthair

San iomlán, seiceáladh 3 564 138 feithicil agus 3 745 458 tiománaí cois bóthair ar fud an Aontais i gcomparáid le 4 112 717 feithicil agus 4 323 245 tiománaí a seiceáladh in 2019-2020. Féadfar an difríocht idir líon na bhfeithiclí agus líon na dtiománaithe a seiceáladh a mhíniú le tiomáint sealaíochta, i.e. i gcás ina bhfuil beirt tiománaithe ar a laghad san fheithicil chun an tiomáint a dhéanamh ina sealanna. Tá difríochtaí idir líon na dtiománaithe agus líon na bhfeithiclí i dtuarascálacha ón mBeilg, ón nGearmáin, ón Laitvia agus ón Rómáin den chuid is mó.

I gcomparáid leis an tuarascáil le haghaidh 2019-2020, tháinig laghdú 548 579 feithicil ar an líon tuairiscithe feithiclí a seiceáladh agus tháinig laghdú 577 787 tiománaí ar an líon tiománaithe a seiceáladh.

Bunaithe ar thír chlárúcháin na feithicle, feithiclí náisiúnta ab ea 64 % de na feithiclí a seiceáladh, tháinig 29 % díobh ó Bhallstáit eile den Aontas[18] agus bhí 7 % díobh ina bhfeithiclí a cláraíodh i dtríú tíortha. Ar an iomlán, ba iompróirí earraí iad formhór na bhfeithiclí a seiceáladh cois bóthair (thart ar 93 % den iomlán), ach ní raibh ach thart ar 7 % díobh ina n-iompróirí paisinéirí.

[17] An Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Ghréig, Málta, an Ísiltír, an tSlóvaic agus an tSualainn, in 2019-2020 ba iad na tíortha sin: An Bhulgáir, an Chipir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an tSlóvaic.
[18] Cuimsíonn na sonraí freisin tíortha LEE agus an Eilvéis.

In 2021-2022, bhí 83 % de na feithiclí a seiceáladh cois bóthair feistithe le tacagraf digiteach, i gcomparáid le 74 % díobh sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin. Dá réir sin, níl aon fhoras ann chun an tairseach de sheiceálacha a ardú ó 3 % go 4 %, ós rud é gur cheart an méid sin a dhéanamh nuair atá 90 % d'fheithiclí seiceáilte feistithe le tacagraif dhigiteacha de réir Airteagal 2(3) de Threoir 2006/22/CE.

1.2 Seiceálacha ag an áitreabh

Sa tréimhse 2021-2022, seiceáladh 84 128 gnóthas iompair, ar méadú 44 % é i gcomparáid le 58 300 gnóthas iompair a seiceáladh in 2019-2020. Sheiceáil rialaitheoirí ag áitribh thart ar 39,3 milliún lá oibre, arb ionann é agus méadú de thart ar 14 % i gcomparáid le 34,3 milliún sa tuarascáil roimhe sin. Ar an iomlán, sheiceáil údaráis rialaithe na mBallstát na taifid de 582 218 tiománaí ag an áitreabh, arb ionann é agus 16 % níos mó i gcomparáid le 499 943 tiománaí in 2019-2020.

2. Cionta


Sholáthair na 27 mBallstát uile sonraí maidir leis na cionta a braitheadh, ach níor sholáthair siad uile[19] mionsonraí maidir leis na cineálacha sáruithe. **Ba é thart ar 3,03 milliún líon iomlán na gcionta a tuairiscíodh, ar méadú é sin i gcomparáid leis an tuarascáil dheireanach (2,25 milliún)**.Tháinig laghdú ar an sciar de chionta cois bóthair a braitheadh go dtí leibhéal thart ar 50 % d'iomlán na gcionta a braitheadh (60 % sa tuarascáil dheireanach).

Bhí sciar na gcineálacha sáruithe i líon foriomlán na sáruithe a braitheadh fós cosúil leis an sciar sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin, le roinnt laghduithe beaga nó méaduithe i gcás catagóirí áirithe sáruithe. Le Fíor 3 thíos léirítear meánsciar sáruithe an Aontais de réir an chineáil forála a sáraíodh, arna bhrath cois bóthair agus ag áitreabh araon in 2021-2022. Tháinig laghdú ar líon na gcionta maidir le sosanna ó 19 % go 18 %, ach tháinig laghdú ar chionta maidir le ham tiomána ó 15 % go 14 % agus tháinig méadú ar chionta maidir leis na taifid ama tiomána ó 26 % go 27 %. Chuimsigh cionta le haghaidh tréimhsí scíthe 19 % de na cionta iomlána (23 % sa tuarascáil dheireanach), seasann trealamh taifeadta[20] do 12 % de na cionta iomlána (9 % sa tuarascáil dheireanach) agus cuimsíonn easpa/infhaighteacht na dtaifead le haghaidh obair eile 10 % (8 % sa tuarascáil dheireanach) de na sáruithe uile a braitheadh. Cuirtear na forbairtí sin i láthair i bhFíor 4 thíos.


Fíor 3: Catagóirí de sháruithe cois bóthair agus ag áitreabh 2021-2022

[19]Níor chuir an Laitvia cineálacha cionta ar fáil ag seiceálacha áitribh.

[20] Baineann cionta maidir le trealamh taifeadta le feidhmiú mícheart agus mí-úsáid nó ionramháil an trealaimh taifeadta.



Fíor 4: Catagóirí de sháruithe cois bóthair agus ag áitreabh le 10 mbliana anuas



	2011-2012	2013-2014	2015-2016	2017-2018	2019-2020	2021-2022
Breaks	26%	23%	21%	17%	19%	18%
Rest periods	24%	25%	24%	23%	23%	19%
Driving time	19%	16%	13%	14%	15%	14%
Driving time records	17%	17%	24%	27%	26%	27%
Recording equipment	8%	10%	11%	12%	9%	12%
Lack/availability of records for other work	6%	8%	7%	6%	8%	10%

Tháinig méadú ar an meánráta cion, a ríomhtar bunaithe ar 100 lá oibre arna sheiceáil ag seiceálacha áitribh agus seiceálacha cois bóthair**,** ó 2,1 in 2019-2020 go 2,7 sa tréimhse thuairiscithe reatha. Tháinig méadú ar na rátaí braite cois bóthair agus ag an áitreabh araon i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe dheireanach. **Tá an ráta braite ag an áitreabh fós níos airde ná an ráta braite cois bóthair, rud a dheimhníonn go bhfuil seiceálacha ag an áitreabh níos éifeachtúla ná rialuithe cois bóthair.**

2.1. Cionta a braitheadh cois bóthair

Braitheadh thart ar 1,53 milliún cion cois bóthair in 2021-2022, líon atá thart ar 12 % níos mó i gcomparáid le thart ar 1,36 milliún cion in 2019-2020. Mhéadaigh an meánráta cion a braitheadh cois bóthair san Aontas ó 1,82 go 2,11 in aghaidh 100 lá oibre a seiceáladh.

Ar an meán, fuarthas go ndearna tiománaithe intíre 51 % de na cionta, cé go raibh an sciar d'fheithiclí intíre i measc na bhfeithiclí uile a stopadh le haghaidh rialuithe cothrom le 64 %.

2.2. Cionta a braitheadh ag an áitreabh

B'ionann líon na gcionta a braitheadh ag an áitreabh agus thart ar 1,50 milliún, ar méadú suntasach é i gcomparáid leis an tuarascáil dheireanach (890,000). Tháinig méadú ar mheánráta braite ciona an Aontais in aghaidh 100 lá oibre a seiceáladh ó 2,59 go 3,81, arb ionann é agus méadú 47 % i gcomparáid le 2019-2020. Mhéadaigh an meánráta cion a braitheadh ag áitreabh in aghaidh an ghnóthais ó 15 chion in aghaidh an ghnóthais in 2019-2020 go níos mó ná 17 gcion in aghaidh an ghnóthais.

2.3. An líon oifigeach forfheidhmithe agus na haonaid trealaimh chun anailís a dhéanamh ar thacagraif

Sa tréimhse thuairiscithe atá ann faoi láthair, bhí baint ag 60,040 oifigeach rialaithe (i gcomparáid le 54,679 in 2019-2020) le seiceálacha ar fud an Aontais.

Cuireadh oiliúint ar 17 081 oifigeach rialaithe chun anailís a dhéanamh ar na taifid tacagraif dhigiteacha (i gcomparáid le 20 058 in 2019-2020).Tháinig laghdú ar na haonaid trealaimh a soláthraíodh d'oifigigh rialaithe chun anailís a dhéanamh ar na taifid tacagraif ó 13 031 in 2019-2020 go 8 336 in 2021-2022.

Deimhnítear leis sin go bhfuil treocht leanúnach ann go bhfuil acmhainneacht forfheidhmiúcháin ag laghdú sna Ballstáit.

3. Léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Sholáthair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 trí bhíthin na rialuithe i gCásanna Uamtha C-870/19 agus C-871/19,[21]i gCásanna C-428/19[22], C-906/19[23] agus C-13/21[24]. Sa chás deireanach sin, shoiléirigh an Chúirt Airteagal 13(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 lena n-údaraítear do na Ballstáit maolú ar na rialacha is infheidhme maidir le ham tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla i gcás feithiclí atá á n-úsáid nó á bhfruiliú, gan tiománaí, ag gnóthais talmhaíochta, ghairneoireachta, foraoiseachta, feirmeoireachta nó iascaigh chun earraí a iompar mar chuid dá ngníomhaíocht fiontraíochta féin laistigh de raon suas le 100 km ó bhunáit an ghnóthais. Ar an gcéad dul síos, shainigh an Chúirt an coincheap *de raon suas le 100 km ó bhunáit an ghnóthais mar thagairt do líne dhíreach nach mó ná 100 km, arna tarraingt ar an léarscáil ón mbunáit sin agus ag nascadh na bunáite le haon phointe i limistéar geografach ciorclach timpeall ar an mbunáit chéanna sin.* Dá bhrí sin, tá sé neamhspleách ar líon iarbhír na gciliméadar a thiomáintear. Ar an dara dul síos, shoiléirigh an Chúirt, i gcás ina n-iompraíonn feithiclí earraí ní hamháin laistigh de raon suas le 100 km ó bhunáit an ghnóthais lena mbaineann, ach lasmuigh

[21]Prefettura Ufficio territoriale del governo di Firenze v. MI (C-870/19), TB (C-871/19), ECLI:EU:C:2021:233.
[22]OL agus Eile v Rapidsped Fuvarozási és Szállítmányozási Zrt, ECLI:EU:C:2021:548.
[23] Imeachtaí coiriúla i gcoinne FO, ECLI:EU:C:2021:715.
[24] Pricoforest SRL v Inspectoratul de Stat pentru Controlul în Transportul Rutier (ISCTR), ECLI:EU:C:2022:531.

den raon sin freisin, nach bhfuil na heisceachtaí arna ndeonú ag na Ballstáit infheidhme ach amháin maidir le hiompar earraí ag na feithiclí sin nach dtarlaíonn lasmuigh den raon sin.

4. Comhar idir na Ballstáit

De réir Airteagal 5 de Threoir 2006/22/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit sé sheiceáil chomhbheartaithe cois bóthair ar a laghad a dhéanamh in aghaidh na bliana le Ballstát amháin eile ar a laghad. Tá ról ríthábhachtach ag an gcomhar idir na Ballstáit atá bunaithe ar sheiceálacha comhbheartaithe, ar thionscnaimh oiliúna chomhpháirteacha nó ar mhalartuithe taithí agus faisnéise maidir le dlús a chur leis an bhforfheidhmiú chun cuspóirí na reachtaíochta sóisialta in earnáil an iompair de bhóthar a bhaint amach, i.e. dálaí oibre feabhsaithe, iomaíocht chóir agus sábháilteacht fheabhsaithe ar bhóithre. Is é is aidhm do Phacáiste Soghluaisteachta I[25], a tháinig i bhfeidhm beagnach go hiomlán an 21 Feabhra 2022, an comhar agus an cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit a chur chun cinn agus a threisiú agus forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí na rialacha atá i bhfeidhm a áirithiú. Ina theannta sin, lean an tÚdarás Eorpach Saothair, a bunaíodh in 2019[26] agus é mar chuspóir uileghabhálach aige soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú sa mhargadh inmheánach, lean sé lena ghníomhaíochtaí tacaíochta faisnéise, oiliúna agus forfheidhmithe i réimse an iompair de bhóthar le linn na tréimhse tuairiscithe. Baineann ceann de phríomhchúraimí an Údaráis Eorpaigh Saothair le tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit san fhorfheidhmiú trasteorann agus le cigireachtaí comhpháirteacha a éascú lena n-áirítear i réimse rialacha sóisialta an Aontais in earnáil an iompair ar bóthar.

Tar éis ghéarchéim COVID-19, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmiúcháin a dhéanamh in 2021-2022. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, áfach, níor chuir na Ballstáit uile faisnéis ar fáil maidir le líon beacht na seiceálacha comhbheartaithe nó níor thuairiscigh siad ar chor ar bith an ndearna siad seiceálacha comhbheartaithe. As na 22 Bhallstát a sholáthair faisnéis maidir le seiceálacha, chomhlíon 10 Bhallstát[27] an líon seiceálacha comhbheartaithe a cheanglaítear sa tréimhse thuairiscithe.

Bhain an comhar idir na Ballstáit le Ballstáit chomharsanacha den chuid is mó. Chomh maith leis sin, maidir leis an tréimhse thuairiscithe dheireanach, chuir formhór na mBallstát in iúl gur tharla an comhar faoi chuimsiú an Líonra Eorpaigh Póilíní Tráchta (ROADPOL) agus an Bhealaigh Rialaithe Euro (ECR), agus faoi chuimsiú an Údaráis Eorpaigh Saothair chomh maith.

II. Forléargas ar chur chun feidhme Threoir 2002/15/CE

[25] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L:2020:249:FULL&from=FR

[26] Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IOL 186, 11.7.2019, lch. 21).

[27] An Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír, an tSlóivéin agus an Rómáin.

De réir Airteagal 13 de Threoir 2002/15/CE, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach gach dhá bhliain, agus tuairimí ionadaithe fostaithe agus fostóirí ar an leibhéal náisiúnta á léiriú.

1. Raon feidhme Threoir 2002/15/CE

Leis an Treoir bunaítear rialacha lena rialaítear, inter alia, sosanna leordhóthanacha le linn na tréimhse oibre, an t-am oibre seachtainiúil uasta agus obair oíche. Lena forálacha forlíontar na rialacha maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Ós rud é go leagtar síos leis an Treoir sin forálacha áirithe maidir le huaireanta oibre a bhaineann go sonrach le hearnáil an iompair de bhóthar, meastar gur *lex specialis* í ndáil le Treoir 2003/88/CE[28] maidir le ham oibre, lena mbunaítear buncheanglais chun am oibre oibrithe i ngach earnáil a eagrú.

2. Gnéithe cur chun feidhme sna Ballstáit

Thuairiscigh roinnt Ballstát agus comhpháirtithe sóisialta saincheisteanna áirithe maidir le cur chun feidhme. Thuairiscigh údaráis na Gearmáine nach ndéanann fostóirí faireachán córasach ar chomhlíonadh na rialacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha is infheidhme maidir le hoibrithe taistil. Tá easpa eolais ghinearálta ann freisin ar an reachtaíocht maidir le hamanna tiomána agus oibre i measc fostóirí agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn na rialacha sin. Mar a tugadh faoi deara, i bhformhór na gcásanna, déantar am oibre d'oibrithe taistil a sheiceáil de ghnáth laistigh de na seiceálacha ar an reachtaíocht maidir le ham tiomána agus de ghnáth ní urramaítear go hiomlán é.

Thug an Ghearmáin dá haire freisin go bhfuil gnóthais a thagann faoi raon feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 faoi réir rialuithe níos minice i bprionsabal ná na rialuithe a thagann faoi raon feidhme reachtaíochta eile maidir le hearnáil an iompair de bhóthar.

Measann údaráis na hIodáile gur chuidigh an reachtaíocht Eorpach le sláinte agus sábháilteacht tiománaithe a chosaint agus leis na coinníollacha iomaíochta idir ghnóthais iompair a chomhchuibhiú. Tá cláir níos iomchuí glactha ag roinnt gnóthas chun sonraí ó thacagraif dhigiteacha a íoslódáil, a stóráil agus a sheiceáil. Chuir roinnt cigireachtaí saothair in iúl freisin a thábhachtaí atá sé uirlisí teicneolaíochta iomchuí a bheith ann chun tacú le gníomhaíochtaí cigireachta chun srian a chur le fadhb na n-acmhainní forfheidhmiúcháin atá gann. Sa chiall sin, léiríodh go bhfuil feidhmchlár tiomnaithe TF a úsáidtear san Iodáil an-úsáideach chun gníomhaíochtaí iompair de bhóthar a rialú. Gné dhearfach eile ab ea raon feidhme na reachtaíochta maidir le ham oibre a leathnú chuig oibrithe féinfhostaithe.

Thuairiscigh roinnt údarás fadhbanna freisin maidir le roinnt sainmhínithe i dTreoir 2002/15/CE. Mar a thuairiscigh an Ghearmáin sa tuarascáil roimhe seo, tá gá le tuilleadh soiléirithe maidir le conas déileáil le 'agaí feithimh ag an rampa'. Fuarthas amach freisin gur minic nach ndéantar obair dhíluchtaithe a thaifeadadh mar 'obair eile' ach mar am

[28]Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).

scíthe. I gcásanna áirithe, rinne gnóthais idirdhealú freisin idir am oibre iarbhír agus am oibre faoi réir luach saothair, sa chaoi gur taifeadadh an t-am sin agus gur íocadh luach saothair ina leith ar ráta comhréidh, ach ní mar 'obair eile'.

Ar deireadh, thuairiscigh údaráis náisiúnta áirithe deacrachtaí maidir le rialú a dhéanamh ar am oibre na dtiománaithe a bhí bainteach i gcineálacha éagsúla gníomhaíochtaí iompair nó in oibríochtaí iompair a dhéanamh le haghaidh fostóirí éagsúla. Thuairiscigh Ballstáit áirithe go raibh easpa cigirí ann chun am oibre a rialú.

Os a choinne sin, chuir an Liotuáin in iúl nár thángthas ar aon fhadhb shuntasach i bhfeidhmiú rialuithe faoi Threoir 2002/15/CE.

In ainneoin na mbarúlacha comhroinnte sin, leanann sé de bheith deacair treochtaí agus saincheisteanna gan réiteach a shainaithint ar leibhéal an Aontais de dheasca an lín shuntasaigh aighneachtaí neamhiomlána ó na Ballstáit agus cleachtais náisiúnta éagsúla.

3. Léirmhíniú ar Threoir 2002/15/CE

Thuairiscigh roinnt bheag Ballstát[29] léirmhíniú breithiúnach ó chúirteanna náisiúnta a raibh forálacha áirithe de Threoir 2002/15/CE á léirmhíniú acu in 2021-2022.

Thug an tSualainn nuashonrú ar rialú cúirte i gcás a bhaineann leis an teorannú idir freagrachtaí Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne agus freagrachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta nuair a síníodh comhaontuithe comhchoiteanna de mhaolú ar chodanna den ghníomh dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2002/15/CE[30]. Chuir an tSualainn in iúl freisin gur beag díospóid dlí eile maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/15/CE a bhí socraithe ag na cúirteanna céadchéime agus nach ndearna an chúirt uachtarach aon chinneadh dlí. Thuairiscigh an Eastóin an staid chéanna, rud a dheimhnigh, go ginearálta, nár cruthaíodh aon fhadhb san Eastóin in 2021-2022 le cur chun feidhme Threoir 2002/15/CE.

Os a choinne sin, thuairiscigh an Ghréig agus an Iodáil ar bhreithiúnais ón gCúirt Uachtarach maidir le roinnt forálacha de Threoir 2002/15/CE. Sa Ghearmáin, ina hordú an 19 Bealtaine 2021, rialaigh Cúirt Oibreachais na Cónaidhme maidir le léirmhíniú Airteagal 10 de Threoir 2002/15/CE[31].

4. Cionta in aghaidh rialacha maidir le ham oibre

[29]An Ghréig, an Eastóin, an Ghearmáin, an Iodáil agus an tSualainn. Thuairiscigh an Danmhairg gur dhéileáil cúirteanna céadchéime le díospóidí dlíthiúla maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/15/CE. Ní dhearna cúirt uachtarach na hEastóine aon chinneadh dlíthiúil.

[30]Rinneadh breithiúnas críochnaitheach den bhreithiúnas i mí Eanáir 2023 ina luaitear, má tá cuideachta faoi cheangal ag comhaontú comhchoiteann lárnach lena rialaítear ceist an ama oibre iomláin agus na hoibre oíche, go measfar go raibh sí faoi réir an chomhaontaithe sin seachas faoi réir airteagail shonracha den Acht um Am Oibre ar Bhóithre.

[31]Le hAirteagal 10 de Threoir 2002/15/CE, ceadaítear do na Ballstáit rialacha atá níos fabhraí do chosaint sláinte agus sábháilteachta daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach.

Níor chuir ach 12 Bhallstát [32]roinnt sonraí cainníochtúla ar fáil maidir leis na cionta a braitheadh. Tá an líon sin beagán níos airde i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin inar sholáthair aon Bhallstát déag [33]an fhaisnéis sin. Mar sin féin, ní féidir conclúidí uile-Aontais a bhaint as líon neamhleor na n-ionchur.

Chuir an Ghearmáin in iúl gur minic a dhéantar sáruithe ar an am oibre seachtainiúil uasta nó nach gcúitítear an t-am oibre seachtainiúil uasta. Is ar shosanna a tharlaíonn na sáruithe is minice ar an reachtaíocht a thuairiscítear.

Chuir roinnt Ballstát in iúl go mbíonn eolas méadaithe ar na rialacha i measc fostóirí agus tiománaithe agus ceartú iompraíochta mar thoradh ar rialuithe níos minice.

5. Tuairimí na bPáirtithe Leasmhara maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/15/CE

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Threoir 2002/15/CE, chuir aon Bhallstát déag[34] in iúl go soiléir go ndeachthas i gcomhairle leis an dá thaobh den tionscal chun críche an chleachtaidh tuairiscithe seo. Tá an líon sin beagán níos airde i gcomparáid leis an tuarascáil dheireanach[35], ach léirítear leis fós gurb amhlaidh nach dtugann níos mó ná leath na mBallstát páirt do chomhpháirtithe sóisialta sa tuairisciú maidir le cur chun feidhme na rialacha maidir le ham oibre. Mhínigh an Ostair nach ndeachthas i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta, ach go bpléitear an dréacht-tuarascáil bhliantúil ní hamháin sa Pharlaimint (an Coiste Sóisialta) ach go bhfuil sí le fáil go poiblí freisin ar shuíomh gréasáin na Cigireachta Saothair.

I seacht gcinn as an aon Bhallstát déag[36], léiríodh tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta i roinn nó i mír ar leith.

Ní féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh ar thuairimí ó chomhpháirtithe sóisialta, ós rud é nach sampla ionadaíoch atá iontu.

III. Conclúidí

Léiríonn toradh ginearálta na hanailíse ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú rialacha sóisialta an Aontais maidir le hiompar de bhóthar go bhfuil an fheidhmíocht fhoriomlán a mhéid a bhaineann le leibhéil forfheidhmiúcháin agus chomhlíontachta in 2021-2022 cobhsaí i gcónaí, le roinnt éabhlóidí dearfacha, i gcomparáid le 2019-2020.

Tháinig méadú ar líon iomlán na laethanta oibre a seiceáladh sa tréimhse thuairiscithe reatha, rud a aisiompaíonn treocht laghdaitheach a breathnaíodh le blianta beaga anuas. Mar sin féin,

[32]An Chipir, Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Ghearmáin, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn.
[33]An Ostair, an Chipir, Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, Lucsamburg, an Pholainn, an tSlóvaic agus an Spáinn.
[34]An Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn.
[35]An Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an tSualainn.
[36]An Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an tSualainn.

i gcomparáid leis na tréimhsí tuairiscithe roimhe sin, tháinig laghdú ar an líon tuairiscithe feithiclí agus an líon tuairiscithe tiománaithe a seiceáladh cois bóthair ar fud an Aontais. Chonacthas méadú, áfach, ar líon na ngnóthas iompair a seiceáladh ag an áitreabh. An tráth céanna, tá cothromaíocht níos fearr idir cóimheas na laethanta oibre a sheiceáiltear cois bóthair agus ag an áitreabh (53 % cois bóthair agus 47 % ag an áitreabh agus 60 % agus 40 % faoi seach sa tuarascáil dheireanach), ar forbairt dhearfach é lena dtugtar cóimheas an dá chineál rialuithe sin níos gaire do na ceanglais dhlíthiúla.

Tháinig méadú ar líon iomlán na gcionta a braitheadh ag an áitreabh agus cois bóthair i gcomparáid leis an tuarascáil dheireanach, go háirithe maidir le cionta a braitheadh ag an áitreabh. Tá an ráta braite ag an áitreabh fós níos airde ná an ráta braite cois bóthair, rud a dheimhníonn go bhfuil seiceálacha spriocdhírithe ag an áitreabh níos éifeachtúla ná rialuithe randamacha cois bóthair. Thairis sin, tháinig méadú ar an meánráta braite ag áitribh i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe dheireanach.

Athraíonn rátaí braite sáruithe go suntasach ar fud an Aontais (ó 0,08 go 12,40). Tugann an fhíric seo le fios go bhfuil sé ríthábhachtach seiceálacha spriocdhírithe níos fearr a dhéanamh. Tá tábhacht ard leis an rochtain ar shonraí, amhail rátáil riosca, cois bóthair go háirithe chun díriú níos fearr ar rialuithe agus chun seiceálacha ‘glana’ nach gá a laghdú, i.e. seiceálacha i gcás nach mbraitear aon sárú. Rochtain cigirí cois bóthair ar shonraí rátála riosca, déantar éigeantach an méid sin i gcomhréir le ceanglais nua a thugtar isteach le Pacáiste Soghluaisteachta I.

A mhéid a bhaineann le seiceálacha comhbheartaithe agus comhpháirteacha i measc na mBallstát, is léir go bhfuil siad ina rannchuidiú le comhroinnt eolais agus le cur chuige comhchuibhithe a bhunú maidir leis an tuiscint ar rialacha an Aontais atá i bhfeidhm agus maidir le forfheidhmiú na rialacha sin. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit a n-iarrachtaí a neartú a thuilleadh chun feabhas a chur ar chomhar, trí chigireachtaí comhpháirteacha agus seiceálacha comhbheartaithe, agus tairbhiú den chúnamh arna thairiscint ag an Údarás Eorpach Saothair chomh maith leis sin. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmiúcháin sa chéad tréimhse eile.

Leanann na sciartha de na cineálacha éagsúla sáruithe de bheith comhchosúil leis an tréimhse thuairiscithe dheireanach. Ag an áitreabh, is ionann cionta a bhaineann le heaspa taifead ama tiomána agus beagnach aon trian de na cionta uile a bhraitear, rud lena léirítear deacrachtaí maidir leis na sonraí ábhartha a stóráil go hiomchuí ag gnóthais. Os a choinne sin, is ionann cionta a bhaineann le sosanna, tréimhsí scíthe agus amanna tiomána agus beagnach leath de na cionta uile a braitheadh cois bóthair.

A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Threoir 2002/15/CE, fágann an easpa sonraí cainníochtúla inchomparáide agus faisnéise cáilíochtúla in go leor tuarascálacha náisiúnta gur deacair measúnú domhain a dhéanamh. Ba mhaith leis an gCoimisiún béim a leagan ar a thábhachtaí atá an cleachtadh tuairiscithe sin agus meabhraíonn sé gur féidir caingean dlí a sheoladh i gcoinne na mBallstát nach gcomhlíonann an ceanglas maidir leis an bhfaisnéis a chur isteach mar a cheanglaítear le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006.

Tugann an Coimisiún faoi deara gur tháinig feabhas ar na leibhéil forfheidhmiúcháin agus chomhlíontachta fhoriomlána, tar éis chur i bhfeidhm Phacáiste Soghluaisteachta I, sna tréimhsí tuairiscithe reatha. Le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún maidir le foirmle rátála riosca chomhchuibhithe[37], ceadaítear d'fhorfheidhmitheoirí próifíl na cuideachta a mbeartaíonn siad seiceáil a dhéanamh uirthi a aithint go gasta agus a thuiscint cé acu atá nó nach bhfuil rátáil riosca íseal ag cuideachta (de bharr leibhéal íseal sáruithe dlí) nó rátáil riosca ard aici (ardleibhéal sáruithe dlí). Ina theannta sin, le cian-luathbhrathadóireacht ar ionramháil agus ar mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tacagraif dhigiteacha, tugtar deis d'fhorfheidhmitheoirí na feithiclí a rialóidh siad a roghnú. Leanfaidh an Coimisiún d'imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh digitiú agus teicneolaíochtaí uathoibrithe cabhrú le rialuithe ar chomhlíonadh a dhéanamh níos cliste (níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, gan pháipéar, bunaithe ar rochtain ar shonraí digiteacha agus ar mhalartú sonraí digiteacha).

Áitíonn an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach go dtíolacfadh na Ballstáit tacair iomlána sonraí maidir le cur chun feidhme na rialacha sóisialta a bhaineann le hiompar de bhóthar mar a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Threoir 2002/15/CE, le hAirteagal 10g de Threoir 96/53/CE ón gComhairle agus le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Neartóidh an Coimisiún an faireachán a dhéanfaidh na Ballstáit ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe. Ag an am céanna, féachfaidh an Coimisiún ar fhéidearthachtaí teicniúla chun an próiseas tuairiscithe a dhéanamh níos cliste agus níos éasca do na Ballstáit.

Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair chun feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na rialacha sóisialta maidir le hiompar de bhóthar le cúnamh ó na Ballstáit. Iarrann sé ar na Ballstáit tuairimí an dá thaobh den tionscal maidir le cur chun feidhme na rialacha maidir le ham oibre a áireamh, mar a cheanglaítear le Treoir 2002/15/CE.

[37] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/695 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le foirmle choiteann chun rátáil riosca gnóthas iompair a ríomh (IO L 129, 3.5.2022, lch. 33).